



**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0066(COD)**

**CODEC 1575
CODIF 24
VISA 249
PE 117**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Choiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú) - An toradh ar chéad léamh Parlaimint na hEorpa, (Strasbourg, 1 go 4 Deireadh Fómhair 2018)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Lidia Joanna GERINGER de OEDENBERG (S&D, PL), tuarascáil thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla. Cuireadh leasú amháin i bhfoirm aguisín a ghabhann leis an tuarascáil faoi bhráid an chruinnithe iomlánaigh.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh, agus dá réir sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an cruinniú iomlánach ar an 2 Deireadh Fómhair 2018, glacadh an t-aguisín a ghabhann leis an tuarascáil trí vótáil aonair.

Is ionann an téacs a glacadh agus an rún reachtach seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh². Léirítear sa seasamh sin an méid a comhaontaíodh le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ansin, ghlacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

² Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs a glacadh agus an rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa.

Na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin *I**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Deireadh Fómhair 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú) (COM(2018)0139 – C8-0116/2018 – 2018/0066(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach – códú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0139),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 77(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0116/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994 maidir le modh oibre níos tapúla d’fhonn téacsanna reachtacha a chódú go hoifigiúil³,
 - ag féachaint do Rialacha 103 agus 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A8-0290/2018),
- A. de bhrí, i gcomhréir le Meitheal Chomhairleach sheirbhísí dlíthiúla Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina substaint;
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

³ IO C 102, 4.4.1996, lch. 2.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 2 Deireadh Fómhair 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú)

TÁ PARLIAMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁴,

⁴ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Deireadh Fómhair 2018.

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 539/2001⁵ a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta⁶. Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.
- (2) Foráiltear leis an Rialachán seo do chomhchuibhiú iomlán maidir leis na tríú tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir ceanglais víosa a bheith ina seilbh acu chun teorainneacha seachtracha na mBallstát a thrasnú (dá ngairtear 'an ceanglas víosa' freisin) agus maidir leis na tíortha sin a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin.
- (3) Ba cheart go ndéanfaí cinneadh na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, nó díolmhaithe uaidh, ar bhonn measúnaithe breithnithe, de réir gach cáis ar leith ar roinnt critéar. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh go tréimhsiúil agus go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh air moltaí reachtacha a bheith ann chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, ina liostaítear na tríú tíortha a gceanglaítear ar a náisiúnaigh víosa bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát, agus chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú ina liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát le haghaidh fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá, d'ainneoin go bhféadfadh sé go mbeadh leasuithe tírshonracha ar na hIarscríbhinní sin i gcásanna áirithe, mar shampla mar thoradh ar phróiseas léirscaoilte víosaí nó mar thoradh deiridh ar fhionraí shealadach an cheanglais víosa (dá ngairtear 'an díolúine víosa' anseo freisin).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu nuair atá na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 81, 21.3.2001, lch. 1).

⁶ Féach Iarscríbhinn III.

- (4) Ba cheart go mbeadh comhdhéanamh liostaí na dtríú tíortha in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II ar comhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo, agus ba cheart go bhfanfadh sé ar comhréir leis na critéir sin. Tagairtí do thríú tíortha a bhfuil athrú tagtha ar an staid ina bhfuil siad i ndáil leis na critéir sin, ba cheart iad a aistriú ó Iarscríbhinn amháin go dtí an Iarscríbhinn eile.
- (5) Maidir le forbairtí sa dlí idirnáisiúnta as a leanfaidh athruithe ar stádas nó ainmniú Stát nó eintiteas áirithe, ba cheart iad a léiriú in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.
- (6) Toisc go bhfuil náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua díolmhaithe ón gceanglas víosa mar gheall ar an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch⁷, níor cheart na tíortha sin a chur san áireamh sa liosta in Iarscríbhinn II.
- (7) Ós rud é go bhforáiltear leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine⁸ do shaorghluaiseacht gan víosa do náisiúnaigh de chuid na hEilvéise, níor cheart an Eilvéis a chur san áireamh sa liosta in Iarscríbhinn II.

⁷ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

⁸ IO L 114, 30.4.2002, lch. 6.

- (8) Maidir le dídeanaithe aitheanta agus le daoine gan stát, gan dochar do na hoibleagáidí faoi chonarthaí idirnáisiúnta a shínigh na Ballstáit agus go háirithe Comhaontú Eorpach Chomhairle na hEorpa maidir le Deireadh a chur le Víosáí do Dhídeanaithe, a síníodh in Strasbourg an 20 Aibreán 1959, ba cheart an cinneadh i leith an cheanglais víosa nó an díolúine a bhunú ar an tríú tír ina bhfuil cónaí ar na daoine sin agus a d'eisigh a gcuid doiciméad taistil. Ós rud é, áfach, go bhfuil difríochtaí sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir le dídeanaithe aitheanta agus le daoine gan stát, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh ar cheart na catagóirí sin daoine a bheith díolmhaithe, sa chás gur tríú tír í an tír ina bhfuil cónaí ar na daoine sin agus a d'eisigh a gcuid doiciméad taistil agus a bhfuil a cuid náisiúnach díolmhaithe ón gceanglas víosa.
- (9) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, ba cheart díolúine ón gceanglas víosa do shealbhóirí cheadúnais tráchta teorann áitiúil a leagan síos.
- (10) Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúine ón gceanglas víosa do shealbhóirí atá i seilbh pasanna áirithe seachas gnáthphasanna.

⁹ Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen (IO L 405, 30.12.2006, lch. 1).

- (11) I gcásanna sonracha ina mbeidh gá le rialacha speisialta víosa, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit catagóirí áirithe daoine a dhíolmhú ón gceanglas víosa nó go bhféadfadh siad é a fhorchur orthu i gcomhréir le dlí nó nós idirnáisiúnta poiblí.
- (12) Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit dídeanaithe aitheanta, daoine gan stát, is é sin na daoine sin atá cumhdaithe ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaobh Stádas Daoine gan Stát an 28 Meán Fómhair 1954 chomh maith leis na daoine atá lasmuigh de raon feidhme an Choinbhinsiúin sin, agus daltaí scoile atá ag taisteal ar thurasanna scoile i gcás ina bhfuil na daoine sna catagóirí sin ina gcónaí i dtríú tír a áirítear sa liostain Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (13) Ba cheart na socruithe lena rialaítear díolúintí ón gceanglas víosa a bheith i gcomhréir leis na cleachtais iarbhír. Tugann Ballstáit áirithe díolúintí ó na ceanglais víosa do náisiúnaigh tríú tíortha a áirítear sa liosta tríú tíortha a bhfuil ceangal ar náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus ar baill de na fórsaí armtha iad atá ag taisteal ar ghnó de chuid Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) nó ar ghnó Chomhpháirtíocht na Síochána. Ar chúiseanna a bhaineann le cinnteacht dhlíthiúil, cé go bhfuil na díolúintí sin bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta lasmuigh de dhlí an Aontais, ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh sa Rialachán seo.

- (14) Is cuspóir í an chómhalartacht iomlán víosaí ar cheart don Aontas a shaothrú ar bhealach onnghníomhach ina chaidreamh le tríú tíortha, agus inchreidteacht agus leanúnachas bheartas seachtrach an Aontais a fheabhsú ar an mbealach sin.
- (15) Ba cheart foráil a dhéanamh do shásra Aontais lena gcumasófaí cur chun feidhme phrionsabal na cómhálartachta má chinneann ceann de na tríú tíortha a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II náisiúnaigh de chuid ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit a chur faoi réir cheanglas víosa. Ba cheart don sásra sin foráil a dhéanamh do fhreagra ón Aontas ar mhaithe le dlúthpháirtíocht, má chuireann tríú tír den sort sin ceanglas víosa i bhfeidhm do na náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad.
- (16) Ar fhógra a fháil ó Bhallstát go bhfuil tríú tír a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II ag cur ceanglais víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnaigh an Bhallstáit sin, ba cheart go ngníomhódh gach Ballstát ar aon bhonn, agus freagra Aontais á thabhairt dá bhíthin sin ar chás a bhfuil éifeacht aige ar an Aontas ina iomláine agus lena gcaitear lena chuid saoránach faoi réir ar bhealach éagsúil.

- (17) D'fhonn a áirithiú go mbeidh páirt iomchuí ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle sa dara céim de chur chun feidhme shásra na cómhálartachta, ráite an nádúr polaitiúil ró-íogair a ghabhann le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh uile tríú tír a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II agus a himpleachtaí cothrománacha ar Bhallstáit, ar na tíortha a mbaineann Schengen leo agus ar an Aontas féin, go háirithe i dtaca lena gcaidreamh seachtrach agus feidhmiú ginearálta limistéir Schengen, ba cheart na cumhachtaí maidir le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean don Choimisiún i ndáil le gnéithe áiririthe den sásra cómhálartachta. Cuirtear san áireamh le cumhacht den sórt sin a tharmligean don Choimisiún an gá atá le plé polaitiúil faoi bheartas an Aontais maidir le víosaí i limistéar Schengen. Léirítear leis freisin an gá atá le trédhearcacht leordhóthanach agus cinnteacht reachtach a áirithiú maidir leis an sásra cómhálartachta a chur i bhfeidhm nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar náisiúnaigh uile ón tríú tír lena mbaineann, go háirithe trí leasú sealadach comhfhreagrach ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁰. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

¹⁰ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (18) Leis an Rialachán seo ba cheart foráil a dhéanamh do shásra le haghaidh fionraíocht shealadach na díolúine ón gceanglas víosa le haghaidh tríú tíre a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II ("an sásra fionraíochta") i staid éigeandála nuair atá freagairt phráinneach ag teastáil chun deacrachtaí atá ag Ballstát amháin ar a laghad a réiteach, agus tionchar ginearálta na staide éigeandála ar an Aontas Eorpach ina iomláine á chur san áireamh.
- (19) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an sásra fionraíochta agus forálacha áirithe den sásra cómhalartachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go háirithe chun go bhféadfar na tosca uile atá ábhartha chomh maith leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chur chun feidhme na sásraí sin a áireamh go cuí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don gCoimisiún i ndáil leis na catagóirí a chinneadh maidir le náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann ar cheart dóibh a bheith faoi réir fionraíocht shealadach na díolúine ón gceanglas víosa laistigh de chreat shásra na cómhalartachta; agus faoi fhad comhfhreagrach na fionraíochta sin agus i ndáil leis an sásra fionraíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh.

¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (20) Tá sé riachtanach aon mhí-úsáid a bheadh mar thoradh ar dhíolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh ó thríú tír i gcás cuairteanna gearrfhanachta a sheachaint agus a chomhrac nuair a d'fhéadfadh na daoine sin beartas poiblí (ordre public) nó slándáil inmheánach an Bhallstáit lena mbaineann a chur i mbaol.
- (21) Le sásra fionraíochta, ba cheart go bhféadfadh Ballstáit fógra a thabhairt faoi na himthosca arbh fhéidir fionraíocht a bheith mar thoradh orthu, agus don Choimisiún an sásra fionraíochta a chur ar obair ar a thionscnamh féin.
- (22) Go háirithe, ba cheart úsáid an tsásra fionraíochta a éascu trí tréimhsí tagartha agus spriocamanna gearra, rud a d'fhágfadh go mbeadh an nós imeachta gasta, agus ba cheart go n-áireofaí na forais ar féidir fionraíocht a chur i bhfeidhm, ionas go gcuimseofaí laghdú ar an gcomhar maidir le hathligeran isteach, mar aon le méadú suntasach ar na rioscaí do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát. Ba cheart, go háirithe, a chuimsiú leis an laghdú sin ar an gcomhar méadú suntasach ar ráta diúltaithe na n-iarratas ar athligeran isteach, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tír a rinne idirthuras tríd an tríú tír lena mbaineann, i gcás ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáid um athligeran isteach den sórt sin i gcomhaontú um athligeran isteach a tugadh i gcrích idir an tAontas nó Ballstát agus an tríú tír sin. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann an sásra fionraíochta a chur ar obair freisin i gcás nach bhfuil an tríú tír ag comhoibriú i ndáil le hathligeran isteach, go háirithe i gcás ina bhfuil comhaontú um athligeran isteach tugtha i gcrích idir an tríú tír lena mbaineann agus an tAontas.

- (23) Chun críocha an tsásra fionraíochta, léirítear le méadú suntasach méadú a sháraíonn tairseach 50 %. D'fhéadfadh sé méadú níos ísle a léiriú freisin, dá measfadh an Coimisiún go raibh sé infheidhme sa chás áirithe sin ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith.
- (24) Chun críocha an tsásra fionraíochta, léirítear le ráta íseal aitheantais ráta aitheantais maidir le hiarratais ar thearmann atá cothrom le thart faoi 3 nó 4 %. D'fhéadfadh sé ráta aitheantais níos airde a léiriú freisin dá measfadh an Coimisiún go raibh sé infheidhme sa chás áirithe sin ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith.
- (25) Tá sé riachtanach aon mhí-úsáid a bhainfí as an díolúine ón gceanglas víosa a sheachaint agus aon mhí-úsáid a chomhrac i gcás ina dtagann méadú ar an mbrú imirce, mar thoradh ar mhéadú gan bhunús ar iarratais ar thearmann, mar shampla, agus nuair a bhíonn iarratais gan bhunús ar cheadanna cónaithe mar thoradh air freisin.
- (26) D'fhonn a áirithiú go leanfar de na ceanglais shonracha a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht díolúine ón gceanglas víosa, ar díolúine í a deonaíodh de thoradh ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa, a chomhall i bhfad na haimsire, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an staid sna tríú tíortha lena mbaineann. Ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar an staid maidir le cearta an duine sna tríú tíortha lena mbaineann.

- (27) Ba cheart don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, go ceann tréimhse seacht mbliana tar éis do léirscaoileadh víosa do tríú tír áirithe teacht i bhfeidhm, agus ina dhiaidh sin nuair a mheasann an Coimisiún gur gá, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle.
- (28) Sula nglacfaidh sé aon chinneadh an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a chur ar fionraí go sealadach, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar an staid maidir le cearta an duine sa tríú tír sin agus ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh teacht as fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa don staid sin.
- (29) Le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa trí ghníomh cur chun feidhme, ba cheart catagóirí áirithe náisiúnach an tríú tír lena mbaineann a chumhdach, trí thagairt a dhéanamh do na cineálacha ábhartha doiciméad taistil agus, i gcás inarb iomchuí, do chritéir bhreise, amhail daoine atá ag taisteal den chéad uair chuig críoch na mBallstát. Ba cheart a chinneadh leis an ngníomh cur chun feidhme catagóirí na náisiúnach ar cheart feidhm a bheith ag an bhfionraíocht maidir leo, agus na himthosca sonracha ar thug Ballstát amháin nó roinnt Ballstát fógra maidir leo nó a thuairiscigh an Coimisiún agus prionsabal na comhréireachta á gcur san áireamh.

- (30) D'fhonn a áirithiú go mbeidh páirt iomchuí ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i gcur chun feidhme an tsásra fionraíochta, i bhfianaise na hógairachta polaitiúla a ghabhann le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh uile na dtríú tíortha a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a himpleachtaí cothrománacha ar na Ballstáit agus ar an Aontas féin, go háirithe i dtaca lena gcaidreamh seachtrach agus feidhmiú ginearálta limistéar Schengen, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le fionraíocht sealadach na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh na dtríú tíortha lena mbaineann. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain go córasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (31) Chun a áirithiú go ndéanfar an córas víosa a riar ar bhealach oscailte agus go gcuirfear na daoine lena mbaineann ar an eolas, ba cheart do na Ballstáit na bearta a ndéanann siad de bhun an Rialacháin seo a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú freisin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (32) Níor cheart go ndéanfadh na coinníollacha lena rialaítear dul isteach i gcríoch na mBallstát nó eisiúint víosaí difear do na rialacha lena rialaítear aitheantas a thabhairt do bhailíocht doiciméad taistil.

- (33) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is bealach riachtanach agus iomchuí araon é chun a áirithiú go n-oibreoidh an comhbheartas maidir le víosaí go héifeachtúil dul ar iontaoibh Rialacháin lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu nuair atá na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin.
- (34) Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm comhaontuithe idirnáisiúnta a chuir an Comhphobal Eorpach i gcrích roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, oibleagáidí a fhágann gur gá imeacht ón gcomhbheartas maidir le víosaí, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh.
- (35) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen¹² a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe B d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle¹³.

¹² IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

¹³ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

- (36) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna shíniú ag an Aontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen¹⁴ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointí B agus C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle¹⁵.
- (37) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen¹⁶ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointí B agus C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle¹⁷.

¹⁴ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

¹⁵ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

¹⁶ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

¹⁷ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

- (38) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE¹⁸ ón gComhairle; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (39) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle¹⁹; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a cur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁸ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

¹⁹ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen, (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

Airteagal 1

Leis an Rialachán seo cinntear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, nó díolmhaithe uaidh ar bhonn measúnaithe de réir gach cáis ar leith ar roinnt critéar a bhaineann, inter alia, le hinimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádála coigríche, agus caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhalartacht réigiúnach.

Airteagal 2

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn ‘víosa’ víosa faoi mar a shainmhínítear é i bpointe (a) d’Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.

Airteagal 3

1. Beidh sé de cheangal ar náisiúnaigh na dtríú tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn I víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát.

²⁰ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosa) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

2. Gan dochar do na ceanglais a eascraíonn as Comhaontú Eorpach Chomhairle na hEorpa maidir le Deireadh a chur le Víosáí do Dhídeanaithe a síníodh in Strasbourg an 20 Aibreán 1959, beidh sé de cheangal ar dhídeanaithe aitheanta agus daoine gan stát víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát más tríú tír í atá ar an liosta atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo an tríú tír a d'eisigh a ndoiciméad taistil agus a bhfuil cónaí orthu inti.

Airteagal 4

1. Beidh náisiúnaigh tríú tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn II díolmhaithe ón gceanglas atá leagtha amach in Airteagal 3(1) i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.
2. Beidh na daoine seo a leanas díolmhaithe ón gceanglas víosa freisin:
 - (a) náisiúnaigh tríú tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bhfuil cead tráchta teorann áitiúil ina seilbh acu a d'eisigh na Ballstáit de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 sa chás go bhfeidhmíonn na sealbhóirí sin na cearta atá acu faoi chóras an tráchta teorann áitiúil;

- (b) daltaí scoile ar náisiúnaigh iad de thríú tír atá ar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a bhfuil cónaí orthu i mBallstát a chuireann i bhfeidhm Cinneadh 94/795/CGB²¹ agus atá i mbun taistil i gcomhthéacs turas scoile mar bhaill de ghrúpa de dhaltaí scoile a bhfuil múinteoir ón scoil atá i gceist ina dteannta;
- (c) dídeanaithe aitheanta agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht tír ar bith acu, a bhfuil cónaí orthu i mBallstát agus a bhfuil doiciméad taistil ina seilbh acu a d'eisigh an Ballstát sin.

Airteagal 5

Náisiúnaigh tríú tíortha nua a bhí mar chuid de thríú tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, beidh siad faoi réir Airteagail 3 agus 4 faoi seach mura ndéanann an Chomhairle cinneadh dá mhalairt faoin nós imeachta atá leagtha síos i bhforáil ábhartha CFAE agus go dtí go ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh den sórt sin.

²¹ Cinneadh 94/795/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 1994 maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach, cinneadh a ghlac an Chomhairle de bhun Airteagal K.3.2.b den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le saoráidí taistil do dhaltaí scoile ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát (IO L 327, 19.12.1994, lch 1).

Airteagal 6

1. Féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas víosa dá bhforáiltear in Airteagal 3 nó ón díolúine ón gceanglas víosa dá bhforáiltear in Airteagal 4 i gcás na ndaoine seo a leanas:
 - (a) sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta;
 - (b) baill d'aerchriú agus de mhuirchriú sibhialtach agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh;
 - (c) baill de mhuirchriú sibhialtach nuair a rachaidh siad i dtír, ar baill iad a mbeidh doiciméad aitheantais maraí acu a eisíodh i gcomhréir le Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 108 an 13 Bealtaine 1958 nó Uimh. 185 an 19 Meitheamh 2003 nó i gcomhréir le Coinbhinsiún na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Muirthracht Idirnáisiúnta a Éascú an 9 Aibreán 1965;
 - (d) criú agus baill de mhisin éigeandála nó tarrthála i gcás tubaiste nó tionóisce;
 - (e) criú sibhialtach long a bheidh ag loingsiú in uiscí intíre idirnáisiúnta;
 - (f) sealbhóirí doiciméad taistil a d'eisigh eagraíochtaí idirnáisiúnta idir-rialtasacha a bhfuil Ballstát amháin ar a laghad ina bhall díobh, nó a d'eisigh eintitis eile a n-aithneoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfuil siad faoi réir an dlí idirnáisiúnta, le hoifigigh na n-eagraíochtaí nó na n-eintiteas sin.

2. Féadfaidh Ballstát na daoine a leanas a dhíolmhú ón gceanglas víosa dá bhforáiltear in Airteagal 3:
- (a) dalta scoile ag a bhfuil náisiúntacht tríú tíre atá ar an liosta in Iarscríbhinn I a bhfuil cónaí air i dtríú tír atá ar an liosta in Iarscríbhinn II nó san Eilvéis nó i Lichtinstéin agus atá i mbun taistil i gcomhthéacs turas scoile mar bhall de ghrúpa de dhaltai scoile a bhfuil múinteoir ón scoil atá i gceist ina dteannta;
 - (b) dídeanaithe aitheanta agus daoine gan stát má tá an tríú tír ina bhfuil cónaí orthu agus a d'eisigh a ndoiciméid taistil ar cheann de na tríú tíortha atá ar an liosta in Iarscríbhinn II;
 - (c) baill de na fórsaí armtha a dhéanann taisteal ar mhaithe le gnó ECAT nó Chomhpháirtíocht na Síochána agus sealbhóirí orduithe céannachta agus gluaiseachta dá bhforáiltear le Comhaontú 1951 idir Pháirtithe Chonradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Stádas a gcuid Fórsaí an 19 Meitheamh 1951;
 - (d) gan dochar do na ceanglais a eascraíonn as Comhaontú Eorpach Chomhairle na hEorpa maidir le Deireadh a chur le Víosaí do Dhídeanaithe a síníodh in Strasbourg an 20 Aibreán 1959, lena n-aithnítear dídeanaithe agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu agus a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh an Ríocht Aontaithe nó Éire, a aithneoidh an Ballstát lena mbaineann.

3. Féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh d'eisceachtaí i ndáil leis an díolúine ón gceanglas víosa dá bhforáiltear in Airteagal 4 maidir le daoine a bhíonn i mbun gníomhaíochta íoctha le linn a bhfanachta.

Airteagal 7

I gcás inar chuir tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II ceanglas víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) laistigh de 30 lá tar éis don tríú tír an ceanglas víosa a chur chun feidhme, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas ina leith i scríbhinn.

Maidir leis an bhfógra sin:

- (i) sonrófar ann dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann;
- (ii) áireofar leis an bhfógra sin míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta a rinne an Ballstát lena mbaineann d'fhonn taisteal gan víosa a áirithiú leis an tríú tír lena mbaineann agus áireofar leis an fhaisnéis go léir is ábhartha.

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis a bhaineann leis an bhfógra sin gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, lena n-áirítear faisnéis maidir le dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann.

Má chineann an tríú tír an ceanglas víosa a tharraingt siar sula n-éagann an sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, ní thabharfar an fógra, nó, aistarraingeofar é agus ní fhoilseofar an fhaisnéis;

- (b) déanfaidh an Coimisiún, láithreach bonn tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fhomhír de phointe (a) agus i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún céimeanna, i gcomhar le húdaráis an tríú tír, go háirithe i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill maidir leis na céimeanna sin;
- (c) i gcás nach bhfuil an tríú tír tar éis an ceanglas víosa a tharraingt siar laistigh de 90 lá tar éis dáta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fhomhír de phointe (a) agus in ainneoin na gcéimeanna a glacadh i gcomhréir le pointe (b), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do chatagóirí áirithe náisiúnach an tríú tír sin. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát iarraidh dá shórt, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi;

- (d) Déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h), toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír i gceist a áirithiú, mar aon leis na céimeanna a ghlacfar i gcomhréir le pointe (b) chun a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha si;
- (e) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír sin lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí laistigh de shé mhí ó dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus ansin ag eatraimh nach faide ná sé mhí laistigh de thréimhse iomlán nach rachaidh thar an dáta ina dtagann an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) i bhfeidhm nó má chuirtear ina aghaidh:

- (i) gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ar iarraidh ón mBallstát (Ballstáit) lena mbaineann nó ar a thionscnamh féin lena gcuirfear ar fionraí go sealadach, go ceann tréimhse sé mhí, an díolúine ón gceanglas víosa atá ag catagóirí áirithe náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann. Socrófar leis an ngníomh cur chun feidhme sin dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, féadfaidh an Coimisiún tréimhsí breise nach faide ná sé mhí a chur leis an bhfionraí sin agus féadfaidh sé modhnú a dhéanamh ar chatagóirí na náisiúnach ón tríú tír atá i dtreis agus ar fionraíodh an díolúine ón gceanglas víosa ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6 den Rialachán sin, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát; nó

- (ii) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 11(1) lena ndéanfar measúnú ar an gcás agus ina léireofar na cúiseanna ar bheartaigh an coiste gan an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis.

Cuirfear na tosca ábhartha uile, amhail iad siúd dá dtagraítear i bpointe (d), san áireamh sa tuarascáil sin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle plé polaitiúil a dhéanamh ar bhonn na tuarascála sin;

- (f) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír lena mbaineann laistigh de 24 mhí tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10 lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí sealadach ar feadh tréimhse 12 mhí le haghaidh náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann. Socrófar leis an ngníomh tarmligthe dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh agus lena leasófar Iarscríbhinn II dá réir. Déanfar an leasú sin trí bhíthin fo nóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i dtreis, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an díolúine ón víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina sainnítear tréimhse na fionraíochta sin.

Maidir leis an dáta ar a ngabhann éifeacht le fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann nó i gcás ina mbíonn agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe á chur in iúl de bhun Airteagal 10(7), rachaidh aon ghníomh tharmligthe nó aon ghníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun phointe (e) den chéad fhomhír den Airteagal seo a bhaineann leis an tríú tír sin in éag. Má tharlaíonn sé go ndéanann an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh mar a thagraítear dó i bpointe (h), cuirfear sé mhí de shíneadh leis an tréimhse fionraithe maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Déanfar an fonóta dá dtagraítear san fhomhír sin a leasú dá réir.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír a mbaineann an gníomh tharmligthe léi, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát;

- (g) aon fhógra a dhéanfaidh Ballstát eile ina dhiaidh sin de bhun phointe (a) a bhaineann leis an tríú tír chéanna le linn thréimhse feidhme na mbeart de réir phointí (e) go (f) i ndáil leis an tríú tír sin, déanfar iad a chumasc sna nósanna imeachta leantacha sin gan fad a chur leis na sprioc-amanna nó le tréimhsí feidhme a leithéidí de bhearta;

- (h) i gcás nach bhfuil bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír laistigh de shé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an gnímh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f), féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú a thíolacadh chun an tagairt don tríú tír a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;
- (i) ní chuirfidh na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí (e), (f) agus (h) isteach ar an gceart atá ag an gCoimisiún togra reachtaíochta a chur isteach am ar bith lena leasaítear an Rialachán sin d'fhonn an tagairt don tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;
- (j) i gcás ina gcuirfidh an tríú tír lena mbaineann deireadh leis an gceanglas víosa, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún faoi sin láithreach. Foilseoidh an Coimisiún an fógra gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Aon ghníomh cur chun feidhme nó gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun phointe (e) nó (f) a bhaineann leis an tríú tír lena mbaineann, rachaidh sé in éag seacht lá tar éis an fhoilsithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Má tá ceanglas víosa tugtha isteach ag an tríú tír atá i dtreis maidir le náisiúnaigh de chuid dhá Bhallstát nó níos mó, éagfaidh na gníomhartha tarmhligthe nó cur chun feidhme a bhaineann leis an tríú tír sin seacht lá tar éis an fógra a fhoilsiú a bhaineann leis an mBallstát deiridh a raibh a náisiúnaigh faoi réir cheanglas víosa ag an tríú tír sin. Déanfar an fonóta sa chéad fhomhír de phointe (f) a scrios tar éis don gníomh tarmhligthe lena mbaineann dul in éag. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an dul in éag sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* gan mhoill.

Sa chás ina gcuireann an tríú tír atá i dtreis deireadh leis an gceanglas víosa agus nach dtugann an Ballstát lena mbaineann aon fhógra di i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den phointe seo, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh gan mhoill ar a thionscnamh féin leis an bhfoilsiúchán dá dtagraítear sa bhfomhír sin agus beidh feidhm ag an dara fomhír den phointe seo.

Airteagal 8

1. De mhaolú ar Airteagal 4, déanfar an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur ar fionraí go sealadach, bunaithe ar shonraí ábhartha agus oibiachtúla, i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún más rud é, thar thréimhse dhá mhí, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna den bhliain roimhe sin, nó i gcomparáid leis an dá mhí dheireanacha roimh theacht i bhfeidhm na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II, más rud é gurb ann do cheann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:
 - (a) méadú suntasach a theacht ar an líon náisiúnach den tríú tír sin ar diúltaíodh dul isteach dóibh nó a bhfuarthas go bhfuil siad ag fanacht ar chríoch an Bhallstáit gan ceart chuige sin a bheith acu;
 - (b) méadú suntasach a theacht ar an líon iarratas ar thearmann ó náisiúnaigh den tríú tír sin, ar tír í a bhfuil an ráta aitheantais íseal ina leith;

- (c) laghdú ar an gcomhar leis an tríú tír sin maidir le hathligeran isteach, arna fhíorú le sonraí leordhóthanacha, go háirithe méadú suntasach a bheith tagtha ar ráta diúltaithe na n-iarratas ar athligeran isteach a chuir an Ballstát faoi bhráid an tríú tír sin, ar iarratais iad a bhaineann le náisiúnaigh den tríú tír sin nó, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i gcomhaontú um athligeran isteach a tugadh i gcrích idir an tAontas nó an Ballstát sin agus an tríú tír sin, le náisiúnaigh tríú tír a rinne idirthuras tríd an tríú tír sin;
- (d) riosca méadaithe nó garbhagairt a bheith ann do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach na mBallstát, go háirithe méadú suntasach ar chionta coiriúla tromchúiseacha, a bhaineann le náisiúnaigh ón tríú tír sin, arna bhfíorú le faisnéis oibiachtúil, nithiúil ábhartha agus le sonraí arna gcur ar fáil ag údaráis inniúla.

Maidir leis an bhfógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, tabharfar na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus cuimseofar leis sonraí agus staidreamh ábhartha mar aon le míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta atá glactha ag an mBallstát lena mbaineann d'fhonn an staid a leigheas. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a shonrú san fhógra uaidh na catagóirí náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann atá le cumhdach le gníomh cur chun feidhme faoi phointe (a) de mhír 6, agus na cúiseanna mionsonraithe atá leis á sonrú. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach faoi fhógra den sórt sin.

3. I gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil iontaofa ag an gCoimisiún, agus sonraí, tuarascálacha agus staidreamh ábhartha á gcur san áireamh aige i dtaobh na n-íomthosca dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) de mhír 2, ar íomthosca iad a éiríonn i mBallstát amháin nó níos mó, nó i gcás nach bhfuil an tríú tír ag comhoibriú i ndáil le hathligean isteach, go háirithe i gcás ina bhfuil comhaontú um athligean isteach tugtha i gcrích idir an tríú tír sin agus an tAontas, déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go pras maidir lena anailís, agus beidh feidhm ag forálacha mhír 6.

Chun críocha na chéad fhomhíre, is é a d'fhéadfadh a bheith i neamh-chomhoibriú i ndáil le hathligean isteach, mar shampla:

- iarratais ar athligean isteach a dhiúltú nó mainniú iad a phróiseáil in am trátha;
- mainniú doiciméid taistil a eisiúint in am trátha, ar chun críocha an fhillidh laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha amach sa chomhaontú um athligean isteach iad nó gan glacadh le doiciméid taistil Eorpacha arna n-eisiúint tar éis dhul in éag na sprioc-amanna leagtha amach sa chomhaontú um athligean isteach; nó
- an comhaontú um athligean isteach a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí.

4. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas sonracha, atá bunaithe ar Airteagal 1 agus a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht léirscaoilte víosa arna dheonú, ag na tríú tíortha ar díolmhaíodh a náisiúnaigh ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig críoch Ballstát, ar díolúine í ar toradh í ar idirphlé rathúil maidir le léirscaoileadh víosa idir an tAontas agus an tríú tír sin.

Ina theannta sin, tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, go ceann tréimhse seacht mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm léirscaoileadh víosa don tríú tír sin, agus ina dhiaidh sin nuair a mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leis, nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle. Díreofar sa tuarascáil ar na tríú tíortha ar ina leith a mheasann an Coimisiún nach gcomhlíonann ceanglais áirithe a thuilleadh, bunaithe ar fhaisnéis nithiúil iontaofa.

Beidh feidhm ag mír 6 i gcás ina dtaispeánann tuarascáil ón gCoimisiún nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na ceanglais shonracha a thuilleadh i ndáil le tríú tír ar leith.

5. Scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra arna thabhairt de bhun mhír 2, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:
- (a) cibé acu an ann d'aon cheann de na himthosca dá dtagraítear i mír 2 nó nach ann dóibh;
 - (b) líon na mBallstát a ndéanann aon cheann de na himthosca dá dtagraítear i mír 2 difear dóibh;
 - (c) tionchar foriomlán na n-imthosca dá dtagraítear i mír 2 maidir le staid na himirce san Aontas i bhfianaise na sonraí a chuir na Ballstáit ar fáil nó atá ar fáil don Choimisiún;
 - (d) na tuarascálacha a ullmhóidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, an Oifig Eorpach Tacaíochta do Ghnóthaí Tearmainn nó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) nó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais nó eagraíocht idirnáisiúnta atá inniúil sna hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, má éilítear sin leis na himthosca sa chás sonrach;
 - (e) an fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag an mBallstát lena mbaineann san fhógra uaidh maidir le bearta féideartha faoi phointe (a) de mhír 6;

- (f) ceist fhoriomlán an bheartais phoiblí agus na slándála inmheánaí, i gcomhairliúchán leis an mBallstát lena mbaineann.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas mar gheall ar thorthaí a scrúdaithe.

6. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn na hanailíse dá dtagraítear i mír 3, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 4, nó ar bhonn an scrúdaithe dá dtagraítear i mír 5, agus iarmhairtí fhionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach an Aontais agus na mBallstát leis an tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh aige, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an tríú tír lena mbaineann chun teacht ar réitigh mhalartacha fhadtéarmacha ag an am céanna, go bhfuil gá le gníomhaíocht, nó i gcás inar thug tromlach simplí de na Ballstáit fógra don Choimisiún á rá gurb ann d'imthosca dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) de mhír 6, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) lacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go sealadach do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann go ceann tréimhse naoi mí. Beidh feidhm ag an bhfionraíocht maidir le catagóirí áirithe náisiúnach den tríú tír lena mbaineann, trí thagairt do na cineálacha ábhartha doiciméad taistil agus, i gcás inarb iomchuí, do chritéir bhreise. Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige maidir leis na catagóirí a bhfuil feidhm ag an bhfionraíocht leo, déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, catagóirí atá mór a ndóthain chun go mbeidh siad ina gcabhair éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca dá dtagraítear i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 a áireamh i ngach cás sonrach, agus urramóidh sé prionsabal na comhréireachta i gcomhthráth. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme laistigh de mhí amháin:
- (i) tar éis dó na fógraí dá dtagraítear i mír 2 a fháil;
 - (ii) tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3;
 - (iii) tar éis dó an tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 a thíolacadh; nó

- (iv) tar éis dó an fógra a fháil ó thromlach simplí de na Ballstáit á rá gurb ann d'imthosca dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) de mhír 2.

Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme sin. Socróidh sé an dáta a dtiocfaidh fionraíocht na díolúine ón gceanglas víosa i bhfeidhm.

Le linn na tréimhse fionraíochta, bunóidh an Coimisiún idirphlé feabhsaithe leis an tríú tír lena mbaineann, d'fhonn go leigheasfaí na himthosca atá i gceist.

- (b) I gcás inarb ann i gcónaí do na himthosca dá dtagraítear i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí dhá mhí roimh dhul in éag na tréimhse naoi mí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10 lena gcuirfear cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II ar fionraí go sealadach go ceann tréimhse 18 mí maidir le náisiúnaigh uile an tríú tír lena mbaineann. Beidh feidhm ag an ngníomh tarmligthe ó dháta dhul in éag an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus déanfar Iarscríbhinn II a leasú leis dá réir. Déanfar an leasú sin trí fhonóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i gceist, lena léirítear go bhfuil an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina sonrófar tréimhse na fionraíochta sin.

I gcás inar thíolaic an Coimisiún togra reachtach de bhun mhír 7, déanfar an tréimhse fionraíochta na díolúine ón gceanglas víosa dá bhforáiltear sa ghníomh tarmligthe a fhadú sé mhí. Déanfar an fonóta a leasú dá réir sin.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6, cuirfear de cheangal, le linn na tréimhse fionraíochta, ar náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann víosaí a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát.

Ballstát a dhéanann foráil, i gcomhréir le hAirteagal 6, do dhíolúintí nua ón gceanglas víosa do chatagóir náisiúnach den tríú tír a chumhdaítear leis an ngníomh lena gcuirtear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí, cuirfidh sé na bearta sin in iúl i gcomhréir le hAirteagal 12.

- 7 Roimh dheireadh thréimhse bailíochta an ghnímh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (b) de mhír 6, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfaidh togra reachtach maidir le leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo a bheith ag gabháil leis an tuarascáil d'fhonn an tagairt don tríú tír lena mbaineann a aistriú ó Iarscríbhinn II chuig Iarscríbhinn I.

8. I gcás ina mbeidh togra reachtach tíolactha ag an gCoimisiún de bhun mhír 7, féadfaidh sé bailíocht an ghnímh cur chun feidhme a ghlactar de bhun phointe (a) de mhír 6 den Airteagal seo a fhadú go ceann tréimhse nach faide ná 12 mhí. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a ghlacfar an cinneadh chun bailíocht an ghnímh cur chun feidhme a fhadú.

Airteagal 9

1. Faoi 10 Eanáir 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéantar measúnú ar éifeachtacht an tsásra cómhálartachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 agus, más gá, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i leith aon togra den sórt sin i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.
2. Faoi 29 Márta 2021, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a mbeidh measúnú inti ar éifeachtacht an tsásra fionraíochta dá bhforáiltear in Airteagal 8 agus, más gá, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh maidir leis an Rialachán seo a leasú. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i leith aon togra den sórt sin i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Airteagal 10

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 7 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 9 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 8(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 28 Márta 2017. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 7 agus i bpointe (b) d’Airteagal 8(6) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
5. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n- ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
6. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (f) d’Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse cheithre mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

8. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun phointe (b) d'Airteagal 8(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid.

Airteagal 11

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 12

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún na bearta a rinne siad de bhun Airteagal 6, laistigh de chúig lá oibre afoitar éis ghlacadh na mbeart sin.
2. Déanfaidh an Coimisiún, ar mhaithe le faisnéis, na bearta a cuireadh in iúl de bhun mhír 1 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 13

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'inniúlacht na mBallstát maidir le haitheantas a thabhairt do Stáit agus d'aonaid chríche agus do phasanna, do dhoiciméid taistil agus aitheantais arna n-eisiúint ag údaráis na Stát nó na gcríocha sin.

Airteagal 14

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 15

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Liosta tríú tíortha a bhfuil ceangal ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh

1. STÁIT

An Afganastáin

An Airméin

Angóla

An Asarbaiseáin

An Bhanglaidéis

Buircíne Fasó

Bairéin

An Bhurúin

Beinin

An Bholaiiv

An Bhútáin

An Bhotsuáin

An Bhealarúis

An Bheilís

Poblacht Dhaonlathach an Chongó

Poblacht na hAfraice Láir

An Congó

An Cósta Eabhair

Camarún

An tSín

Cúba

Rinn Verde
Djibouti
An Phoblacht Dhoiminiceach
An Ailgéir
Eacuadór
An Éigipt
An Eiritré
An Aetóip
Fidsí
An Ghabúin
Gána
An Ghaimbia
An Ghuine
An Ghuine Mheánchiorclach
Guine Bissau
An Ghuáin
Háití
An Indinéis
An India
An Iaráic
An Iráin
Iamáice
An Iordáin
An Chéinia
An Chirgeastáin
An Chambóid

Oileáin Chomóra
An Chóiré Thuaidh
Cuáit
An Chasacstáin
Laos
An Liobáin
Srí Lanca
An Libéir
Leosóta
An Libia
Maracó
Madagascar
Mailí
Maenmar/Burma
An Mhongóil
An Mháratáin
Oileáin Mhaildíve
An Mhaláiv
Mósaimbíc
An Namaib
An Nígir
An Nigéir
Neipeal
Óman
Nua-Ghuine Phapua
Na hOileáin Philipíneacha

An Phacastáin
Catar
An Rúis
Ruanda
An Araib Shádach
An tSúdáin
Siarra Leon
An tSeineagáil
An tSomáil
Suranam
An tSúdáin Theas
São Tomé agus Príncipe
An tSiria
An tSuasalainn
Sead
Tóga
An Téalainn
An Táidsíceastáin
An Tuircméanastáin
An Túinéis
An Tuirc
An Tansáin
Uganda
An Úisbéiceastáin
Vítneam
Éimin

An Afraic Theas

An tSaimbia

An tSiombáib

2. EINTITIS, AGUS ÚDARÁIS, ARB ÚDARÁIS CHRÍCHE IAD, NACH bhFUIL
AITHEANTA MAR STÁIT AG BALLSTÁT AMHÁIN AR A LAGHAD

- An Chosaiv mar atá sainmhínithe le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe
an 10 Meitheamh 1999

- Údarás Náisiúnta na Palaistíne

IARSCRÍBHINN II

Liosta tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá

1. STÁIT

Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine²²

Andóra

Aontas na nÉimíochtaí Arabacha²³

Antigua agus Barbúda

An Albáin²⁴

An AirgintínAn AstráilAn Bhoisnia agus an Heirseagaivéin²⁵

Barbadós

An Bhurúin

An Bhrasaíl

Na Bahámaí

Ceanada

An tSile

An Cholóim

Cósta Ríce

Doiminice²⁶

An Mhicrinéis²⁷

²² Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha agus maidir leo sin amháin.

²³ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

²⁴ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha agus maidir leo sin amháin.

²⁵ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha agus maidir leo sin amháin.

²⁶ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

Greanáda²⁸

An tSeoirsia²⁹

Guatamala

Hondúras

Iosrael

An tSeapáin

Cireabaití³⁰

An Cholóim

San Críostóir-Nimheas

An Chóiré Theas

Saint Lucia³¹

Monacó

An Mholdóiv³²

Montainéagró ³³

Oileáin Marshall³⁴

Oileán Mhuirís

²⁷ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

²⁸ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

²⁹ Déanfar an díolúine ón gceanglas víosa a theorannú do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an tSeoirsia i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

³⁰ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

³¹ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

³² Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an Moldóiv i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

³³ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha agus leo siúd amháin.

³⁴ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

Meicsiceo

An Mhalaeisia

Nicearagua

Nárú³⁵

An Nua-Shéalainn

Panama

Peiriú³⁶

Oileáin Palau³⁷

Paragua

Doiminice³⁸

An tSeirbia (ach amháin sealbhóirí pasanna na Seirbia a d'eisigh Stiúrthóireacht na Seirbia um Chomhordú (i Seirbis: *Koordinaciona uprava*))³⁹

Oileáin Sholomón

Na Séiséil

Singeapór

San Mairíne

An tSalvadóir

Tíomór Thoir⁴⁰

Tonga⁴¹

³⁵ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

³⁶ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

³⁷ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

³⁸ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

³⁹ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha agus leo siúd amháin.

⁴⁰ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

Oileán na Tríonóide agus Tobága

Tuvalu⁴²

An Úcráin⁴³

Stáit Aontaithe Mheiriceá

Uragua

An Suí Naofa

San Uinseann agus na Greanáidíní⁴⁴

Veiniséala

Vanuatú⁴⁵

Samó

-
- ⁴¹ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.
- ⁴² Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.
- ⁴³ Déanfar an díolúine ón gceanglas víosa a theorannú do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an Úcráin i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).
- ⁴⁴ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.
- ⁴⁵ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa amhail ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le díolúine ó víosa a thabharfar i gcrích leis an Aontas Eorpach.

2. SAINRÉIGIÚIN RIARACHÁIN DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE

Sainréigiún Riaracháin Hong Cong ⁴⁶

Sainréigiún Riaracháin Macao ⁴⁷

3. SAORÁNAIGH BHRIOTANACHA NACH NÁISIÚNAITHE DE CHUID RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN IAD CHUN CRÍOCHA DHLÍ AN AONTAIS

Náisiúnaithe Briotanacha (Thar Lear)

Daoine is saoránaigh de Chríocha Briotanacha thar lear (BOTC)

Saoránaigh Bhriotánacha thar lear (BOC)

Daoine Briotanacha faoi chosaint (BPP)

Géillsinigh Bhriotanacha (BS)

4. EINTITIS, AGUS ÚDARÁIS, ARB ÚDARÁIS CHRÍCHE IAD, NACH bhFUIL AITHEANTA MAR STÁIT AG BALLSTÁT AMHÁIN AR A LAGHAD

An Téaváin ⁴⁸

⁴⁶ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa le sealbhóirí pas de chuid 'Sainréigiún Riaracháin Hong Cong' agus leo siúd amháin.

⁴⁷ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa le sealbhóirí pas de chuid 'Região Administrativa Especial de Macau' agus leo siúd amháin.

⁴⁸ Beidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna arna n-eisiúint ag an Téaváin ar pasanna iad a bhfuil uimhir chárta aitheantais orthu, agus maidir leo sin amháin.

IARSCRÍBHINN III

An Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air

Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle
(IO L 81, 21.3.2001, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 2414/2001 ón gComhairle
(IO L 327, 12.12.2001, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 453/2003 ón gComhairle
(IO L 69, 13.3.2003, lch. 10)

Ionstraim Aontachais 2003, Iarscríbhinn II, pointe 18(B)

Rialachán (CE) Uimh. 851/2005 ón gComhairle
(IO L 141, 4.6.2005, lch. 3)

Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 ón gComhairle
(IO L 363, 20.12.2006, lch. 1)

An t-aonú fleasc déag
maidir le Rialachán
(CE) Uimh. 539/2001,
agus pointe 11(B)(3)
den Iarscríbhinn,
amháin

Rialachán (CE) Uimh. 1932/2006 ón gComhairle
(IO L 405, 30.12.2006, lch. 23)

Rialachán (CE) Uimh. 1244/2009 ón gComhairle
(IO L 336, 18.12.2009, lch. 1)

Rialachán (AE) Uimh. 1091/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle
(IO L 329, 14.12.2010, lch. 1)

Rialachán (AE) Uimh. 1211/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle
(IO L 339, 22.12.2010, lch. 6)

Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle
(IO L 158, 10.6.2013, lch. 1)

An ceathrú fleasc
d'Airteagal 1(1)(k),
agus pointe 13(B)(2)
den Iarscríbhinn,
amháin

Rialachán (AE) Uimh. 610/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle
(IO L 182, 29.6.2013, lch. 1)

Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle
(IO L 347, 20.12.2013, lch. 74)

Rialachán (AE) Uimh. 259/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle
(IO L 105, 8.4.2014, lch. 9)

Rialachán (AE) Uimh. 509/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle
(IO L 149, 20.5.2014, lch. 67)

Rialachán (AE) 2017/371
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 61, 8.3.2017, lch. 1)

Rialachán (AE) 2017/372
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 61, 8.3.2017, lch. 7)

Rialachán (AE) 2017/850
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 133, 22.5.2017, lch. 1)

IARSCRÍBHINN IV

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 539/2001	An Rialachán seo
Airteagal -1	Airteagal 1
Airteagal 1(1), an chéad fhomhír	Airteagal 3(1)
Airteagal 1(1), an dara fomhír	Airteagal 3(2)
Airteagal 1(2), an chéad fhomhír	Airteagal 4(1)
Airteagal 1(2), an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh	Airteagal 4(2), an fhoclaíocht tosaigh
Airteagal 1(2), an dara fomhír, an chéad fleasc	Airteagal 4(2)(a)
Airteagal 1(2), an dara fomhír, an dara fleasc	Airteagal 4(2)(b)
Airteagal 1(2), an dara fomhír, an tríú fleasc	Airteagal 4(2)(c)
Airteagal 1(3)	Airteagal 5
Airteagal 1(4)	Airteagal 7
Airteagal 1a(1) agus (2)	Airteagal 8(1) agus (2)
Airteagal 1a(2a)	Airteagal 8(3)
Airteagal 1a(2b)	Airteagal 8(4)
Airteagal 1a(3)	Airteagal 8(5)
Airteagal 1a(4)	Airteagal 8(6)
Airteagal 1a(5)	Airteagal 8(7)
Airteagal 1a(6)	Airteagal 8(8)
Airteagal 1b	Airteagal 9(1)
Airteagal 1c	Airteagal 9(2)
Airteagal 2	Airteagal 2

Airteagal 4	Airteagal 6
Airteagal 4a	Airteagal 11
Airteagal 4b(1) agus (2)	Airteagal 10(1) agus (2)
Airteagal 4b(2a)	Airteagal 10(3)
Airteagal 4b(3)	Airteagal 10(4)
Airteagal 4b(3a)	Airteagal 10(5)
Airteagal 4b(4)	Airteagal 10(6)
Airteagal 4b(5)	Airteagal 10(7)
Airteagal 4b(6)	Airteagal 10(8)
Airteagal 5	Airteagal 12
Airteagal 6	Airteagal 13
Airteagal 7	Airteagal 14
Airteagal 8	Airteagal 15
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II
—	Iarscríbhinn III
—	Iarscríbhinn IV